**Ceisteanna Coitianta (CC) do Phríomhoidí agus Boird Bhainistíochta Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna maidir le Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) chuig an mBord de réir na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).**

Tá an doiciméad CC seo beartaithe treoir a thabhairt do phríomhoidí agus do bhoird bhainistíochta scoileanna aitheanta i ndáil le Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR).

Ní mór an doiciméad CC seo a léamh in éineacht leis na Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) (dá ndéanfar tagairt orthu anseo feasta mar "na nósanna imeachta") agus go háirithe cuid 9.4 go cuid 9.8, an dá chuid san áireamh, i gcaibidil 9 de na nósanna imeachta. Ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil nasc idir go leor de na ceisteanna a dtugtar aghaidh orthu sa treoirdhoiciméad seo agus mar sin ba chóir do léitheoirí a bheith cúramach gan ceisteanna a léamh astu féin ach an doiciméad seo a léamh go hiomlán.

## Clár Ábhar

1. Cad é an cuspóir atá ag Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) chuig an mBord? ..... 3

2. Cé chomh minic a thugtar Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) chuig an mBord? ..... 3

3. An bhfuil aon teimpléad ann chun cabhrú leis an bPríomhoide i ndáil lena Tuairisc/Thuairisc Mhaoirseachta maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) a thabhairt don Bhord? ..... 3

4. Cad iad na cúinsí ina gcaithfear doiciméid a thabhairt don Bhord chun críocha maoirseachta mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)? ..... 3

5. Cad é nach mór a chur ar fáil in CPOR an Phríomhoide don Bhord i ndáil le líomhaintí mí- úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile? ..... 4

6. Cad iad na cineálacha cásanna nach mór tuairisciú orthu faoin gceannteideal "Ábhair imní eile i ndáil le daltaí sa scoil .i. cásanna nach bhfuil aon líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile i gceist leo"? ..... 4

7. Cad iad na cineálacha cásanna nach mór tuairisciú orthu faoin gceannteideal "Ábhair imní maidir le cosaint leanaí a eascraíonn as iompar bulaíochta líomhnaithe idir dhaltaí"? ..... 4

8. Cén fhaisnéis nach mór a chur ar fáil faoin gceannteideal "Sonraí achoimre i ndáil le tuairisciú" i dTuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)? ..... 4

9. Cad iad na doiciméid nach mór a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta? ..... 5

10. An bhfuil teimpléad ann chun cabhrú le Príomhoidí na doiciméid arna gcur ar fáil don Bhord mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí a thaifeadadh? ..... 6

11. Ar chóir na doiciméid a dhéanamh ainaithnid nó a leasú chun ainmneacha na ndaoine lena mbaineann a cheilt? ..... 6

12. Conas a chuirtear na doiciméid ar fáil don Bhord Bainistíochta? ..... 7

13. Cad é nach mór a thaifeadadh sna miontuairiscí i ndáil leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil/na doiciméid arna gcur ar fáil mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)?....... 7

14. I scoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna, an gcuirtear Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) ar fáil do Bhord Bainistíochta na scoile?....... 8

15. I scoil BOO (sa chás gurb é an BOO fostóir fhoireann na scoile), ar chóir mionsonraí de chásanna ina ndéantar líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile sa scoil sin a bheith san áireamh sa CPOR? ....... 8

16. An bhfuil aon treoir ar fáil i ndáil le cóid uathúla nó sraithuimhreacha a úsáid ar chomhaid chásanna cosanta leanaí agus i miontuairiscí chruinnithe de chuid Bhoird Bhainistíochta?....... 8

17. Príomhphointí i ndáil leis na doiciméid arna gcur ar fáil don Bhord ag gach cruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)....... 9

1. **Cad é an cuspóir atá ag Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) chuig an mBord?**

Is é an cuspóir atá ag an CPOR go gcuirfí faisnéis áirithe faoi bhráid an bhoird bhainistíochta agus go ndéanfaí athbhreithniú uirthi le go bhféadfaidh agus go ndéanfaidh an bord é féin a shásamh go bhfuiltear ag cloí leis na treoirlínte tuairiscithe ábhartha maidir le cosaint leanaí a leagtar amach sna Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023).

2. **Cé chomh minic a thugtar Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) chuig an mBord?**

Caithfidh Tuairisc Mhaoirseachta maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) a bheith mar chuid den tuairisc ón bpríomhoide a thugtar ag gach cruinniú den bhord bainistíochta.

I gcás chruinniú boird éigeandála, nó chruinniú boird iarrtha, chun déileáil le haon tsaincheist amháin, níl an tuairisc CPOR de dhíth.

3. **An bhfuil aon teimpléad ann chun cabhrú leis an bPríomhoide i ndáil lena Tuairisc/Thuairisc Mhaoirseachta maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) a thabhairt don Bhord?**

Chun cabhrú le príomhoidí CPOR a ullmhú, tá teimpléad foilsithe ag an Roinn, atá le fáil anseo (Teimpléad Roghnach E). Cabhróidh an fhaisnéis sna CC seo le príomhoidí agus le boird freisin na riachtanais tuairiscithe CPOR a thuiscint, riachtanais atá leagtha amach sna codanna 9.4, 9.5, 9.6, 9.7 agus 9.8 go léir de chabidil 9 de na nósanna imeachta, gach ceann de na codanna sin san áireamh.

4. **Cad iad na cúinsí ina gcaithfear doiciméid a thabhairt don Bhord chun críocha maoirseachta mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)?**

Cé go ndealraítear gur fairsing iad na riachtanais tuairiscithe sa CPOR, ba chóir a thabhairt ar aird nach bhfuil feidhm leis an riachtanas chun na doiciméid arna sonrú sa tuairisc seo a sholáthar ach amháin nuair a thagann cásanna de chineál áirithe (mar a leagtar amach i gcodanna 9.5 go 9.7 de na nósanna imeachta, an dá chuid sin san áireamh) chun cinn sa scoil. Sa chás nach dtagann cásanna den chineál sin chun cinn sa scoil, is gá go soláthraítear don bhord bainistíochta an fhaisnéis atá riachtanach le go bhféadfaidh sé maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na riachtanais tuairiscithe ábhartha, go háirithe nuair a bhaineann an cás le duine de phearsanra na scoile.

Ní mór doiciméid shonracha a chur ar fáil don bhord sa chás go léiríonn tuairisc CPOR an Phríomhoide gur ann do chás amháin nó níos mó faoi cheann ar bith de na trí cheannteidil arna liostú sa CPOR mar seo a leanas-

- Líomhaintí mí-úsáide in aghaidh bhaill de phearsanra na scoile (féach ceist 5 don fhaisnéis nach mór a chur ar fáil).
- Ábhair imní eile i ndáil le daltaí sa scoil .i. cásanna nach bhfuil aon líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile i gceist leo (féach ceist 6 don chineál cáis nach mór a thuairisciú faoin gceannteideal seo).
- Ábhair imní maidir le cosaint leanaí a eascraíonn as iompar bulaíochta líomhnaithe idir dhaltaí (féach ceist 7 don chineál cáis nach mór a thuairisciú faoin gceannteideal seo).

Ní mór doiciméid shonraithe (féach ceist 9) a chur ar fáil i ndáil le gach cás den chineál sin a thuairiscítear.

### 5. Cad é nach mór a chur ar fáil in CPOR an Phríomhoide don Bhord i ndáil le líomhaintí mí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile?

Tá an fhaisnéis a chuirfear ar fáil sa CPOR sa chás go ndéanfar líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile leagtha amach i gcuid 9.5 de na nósanna imeachta agus sa téimpléad don CPOR arna fhoilsiú ag an Roinn, atá ar fáil anseo (Teimpléad Roghnach E). Ní mór doiciméid shonraithe (féach ceist 9) a chur ar fáil don bhord bainistíochta i ndáil le gach cás den chineál sin a thuairiscítear.

### 6. Cad iad na cineálacha cásanna nach mór tuairisciú orthu faoin gceannteideal "Ábhair imní eile i ndáil le daltaí sa scoil .i. cásanna nach bhfuil aon líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile i gceist leo"?

Tá na cásanna nach mór tuairisciú orthu faoin gceannteideal seo sa CPOR leagtha amach i gcuid 9.6 de na nósanna imeachta agus sa téimpléad don CPOR arna fhoilsiú ag an Roinn, atá ar fáil anseo (Teimpléad Roghnach E). Ni mór doiciméid shonraithe (féach ceist 9) a chur ar fáil don bhord bainistíochta i ndáil le gach cás den sórt sin a thuairiscítear.

### 7. Cad iad na cineálacha cásanna nach mór tuairisciú orthu faoin gceannteideal "Ábhair imní maidir le cosaint leanaí a eascraíonn as iompar bulaíochta líomhnaithe idir dhaltaí”?

Tá na cásanna nach mór tuairisciú orthu faoin gceannteideal seo sa CPOR leagtha amach i gcuid 9.7 de na nósanna imeachta agus sa téimpléad don CPOR arna fhoilsiú ag an Roinn, atá ar fáil anseo (Teimpléad Roghnach E). Ni mór doiciméid shonraithe (féach ceist 9) a chur ar fáil don bhord bainistíochta i ndáil le gach cás den sórt sin a thuairiscítear.

### 8. Cén fhaisnéis nach mór a chur ar fáil faoin gceannteideal “Sonraí achoimre i ndáil le tuairisciú” i dTuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)?

Tá an fhaisnéis a chuirfear ar fáil sa CPOR faoin gceannteideal "sonraí achoimre i ndáil le tuairisciú" leagtha amach i gcuid 9.8 de na nósanna imeachta agus sa téimpléad don CPOR arna fhoilsiú ag an Roinn, atá ar fáil anseo(Teimpléad Roghnach E).

Ba cheart a thabhairt ar aird go mbaineann na sonraí achoimre faoin gceannteideal seo sa CPOR leis an líon foriomlán cásanna/tuairiscí a thagann chun cinn ó tharla an cruinniú boird deireanach agus mar sin **nach** achoimre é ar an líon cásanna/tuairiscí a taifeadadh faoi na chéad 3 cheannteideal sa CPOR.

## 9. Cad iad na doiciméid nach mór a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta?

Éilítear sna nósanna imeachta nach mór doiciméid áirithe a chur ar fáil i ndáil le gach cás dá dtagraítear faoi cheann ar bith de na trí cheannteideal i gceist 4 den treoir seo agus mar a leagtar amach i gcodanna 9.5 to 9.7 de na nósanna imeachta, an dá chuid sin san áireamh.

I ngach cás, ní mór na doiciméid arna liostú thíos ó (1) o (5), agus an dá cheann sin san áireamh, a chur ar fáil don bhord. Ní mór na doiciméid arna liostú thíos ó (6) go (8), an dá cheann sin san áireamh a chur ar fáil freisin nuair is ábhartha, i gcásanna a bhaineann le líomhaintí mí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile.

1. Cóipeanna de na taifid agus nótaí ar fad maidir leis an tslí a bhfuair an DLP eolas faoin líomhain agus/nó faoin ábhar imní *(Féadfaidh tú Teimpléad Roghnach A- Cuid A a úsáid)*.
2. Cóipeanna de thaifid agus nótaí ar bith maidir le comhairle ó Tusla bheith á lorg i ndáil leis an líomhain agus/nó leis an ábhar imní agus maidir leis an gcomhairle a tugadh *(Féadfaidh tú Teimpléad Roghnach A- Cuid B a úsáid).*
3. Cóipeanna de thuairiscí ar bith a cuireadh ar aghaidh chuig Tusla (de réir chuid 9.5.2, 9.6.2 nó 9.7.2 mar is infheidhme).
4. Cóipeanna de thaifid ar bith eile ar chumarsáid le Tusla, leis an nGarda Síochána nó le páirtí ar bith eile i ndáil leis an líomhain agus/nó leis an ábhar imní (lena n-áirítear admháil ar bith ó Tusla ar an tuairisc a bheith faighte acu).
5. Cóipeanna de ráiteas ar bith a tugadh do dhuine d'fhoireann na scoile faoi chuid 5.3.8 de na nósanna imeachta *(Féadfaidh tú Teimpléad Roghnach B a úsáid).*

Ní mór na nithe seo a leanas a chur ar fáil freisin nuair is ábhartha, i gcásanna a bhaineann le líomhaintí mí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile-

6. Cóipeanna d'fhógra ar bith arna eisiúnt faoi chuid 5.6 de na nósanna imeachta *(Féadfaidh tú Teimpléad Roghnach D a úsáid)* **(féach Nóta A thíos)**
7. Cóip de nótaí nó taifid an chathaoirligh maidir le comhairle a bheith á lorg aige/aici ó Tusla i ndáil leis an líomhain agus den chomhairle a tugadh **(féach Nóta B thíos)**
8. Cóip den tuairisc a thug an cathaoirleach do Tusla i ndáil leis an líomhain agus aon admháil ó Tusla go bhfuarthas an tuairisc sin **(féach Nóta B thíos)**

**Nóta A** - maidir le **6 thuas**, níl feidhm leis an bhfógra seo ach amháin i gcásanna ina ndearna tuismitheoir dhalta sa scoil líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile.

**Nóta B** - maidir le **7 agus 8 thuas**: Ní mór cruinniú éigeandála den bhord a thionól (de réir chodanna 9.5.6 go 9.5.9 de na nósanna imeachta, an dá chuid sin san áireamh) agus ní mór na doiciméid ag 7 agus 8 a chur ar fáil don bhord freisin ag an gcruinniú sin sa chás-

- go ndearnadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile agus nár lorg an DLP comhairle ar bith ó Tusla i ndáil leis an scéal agus nár thug tuairisc ar an scéal sin do Tusla nó
- Go ndearnadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile agus nár thug an DLP tuairisc ar an scéal do Tusla i gcúinsí inar chuir Tusla in iúl don DLP gur chóir é a thuairisciú.

**Nóta tábhachtach:**
Féach freisin ceisteanna 10, 11 agus 12 chun tuilleadh eolais a fháil faoi dhoiciméid a chur ar fáil don bhord mar chuid den CPOR. Ba chóir ceisteanna 9 go 12, an dá cheist sin san áireamh, a léamh i gcomhar lena chéile.

### 10. An bhfuil teimpléad ann chun cabhrú le Príomhoidí na doiciméid arna gcur ar fáil don Bhord mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí a thaifeadadh?

Chun cabhrú le Príomhoidí na doiciméid arna gcur ar fáil don Bhord ag cruinnithe boird mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) a thaifeadadh, tá teimpléad chun doiciméid a thaifeadadh foilsithe ag an Roinn, atá ar fáil anseo (Teimpléad Roghnach F).

### 11. Ar chóir na doiciméid a dhéanamh ainaithnid nó a leasú chun ainmneacha na ndaoine lena mbaineann a cheilt?

Ní mór gach taifead arna gcur ar fáil don bhord bainistíochta mar chuid den CPOR a dhéanamh anaithnid agus a leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach nochtar ainmneacha aon linbh agus aon duine eile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc, **taifead ar bith arna gcur ar fáil i ndáil le cásanna faoi chuid 9.5 de na nósanna imeachta (líomhaintí mí-úsáide in aghaidh bhaill de phearsanra na scoile) san áireamh.**

Ba chóir a thabhairt ar aird nach mór do gach comhalta den bhord bainistíochta caitheamh leis na taifid sin go rúnda go huile is go hiomlán agus gur chóir do chomhaltaí den bhord a thuiscint **go bhfuil athbhreithniú le déanamh orthu chun críocha maoirseachta ar na riachtanais tuairiscithe arna leagan amach sna nósanna imeachta seo, agus chun na críocha sin amháin.**

Meabhraítear do chomhaltaí boird freisin go bhfuil dualgas orthu rúndacht na gcruinnithe boird a chothú agus nach féidir leo nithe a phléitear ag cruinnithe boird a nochtadh ná a phlé, ach amháin sa chás go bhfaigheann siad údarú soiléir ón mbord bainistíochta chun sin a dhéanamh. Féadfaidh an pátrún comhalta boird a sháraíonn an ceanglas sin a bhaint ón mbord de réir na bhforálacha ábhartha in alt 16 den Acht Oideachais, 1998 agus maidir le sárú den sórt sin, seans nach mbeadh an comhalta sin cosanta in imeachtaí dlí ar bith a thionscnófaí ina aghaidh/ina haghaidh ag an slánaíocht ginearálta arna cur ar fáildo chomhaltaí an bhoird bhainistíochta faoi alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998.

**Nóta tábhachtach:**
Féach freisin ceisteanna 9, 10, agus12 le haghaidh tuilleadh eolais faoi dhoiciméid a chur ar fáil don bhord mar chuid den CPOR. Ba chóir ceisteanna 9 go 12, an dá cheist sin san áireamh, a léamh i gcomhar lena chéile.

## 12. Conas a chuirtear na doiciméid ar fáil don Bhord Bainistíochta?

Cuirfear na doiciméid ábhartha ar fáil do chomhaltaí an bhoird bhainistíochta **ag cruinniú an bhoird agus ní roimhe sin.**

Tógfar ar ais na doiciméid go léir arna gcur ar fáil ag cruinniú an bhoird nuair a bheifear réidh leis an ábhar agus cuirfidh an DLP sa chomhad cáis ábhartha iad.

Ní scaipfear na doiciméid taobh amuigh den chruinniú.

Ní choinneoidh aon chomhalta boird na doiciméid.

Is faoin mbord é a chinneadh cá mhéad cóipeanna de na doiciméid a chuirfear ar fáil. Mar shampla, d'fhéadfadh sé roghnú sraith amháin a chur ar fáil don bhord ar fad nó d'fhéadfadh sé roghnú sraith amháin in aghaidh an chomhalta nó in aghaidh gach beirt chomhaltaí a chur ar fáil. Pé cur chuige a roghnófar, ní mór a bheith an-chúramach a chinntiú go dtógfar gach cóip ar ais agus go mbeidh a fhios go bhfuil siad go léir faighte ar ais agus curtha sa chomhad cáis nuair a bheifear réidh leis an ábhar.

**Nóta tábhachtach:**
Féach freisin ceisteanna 9, 10, agus11 le haghaidh tuilleadh eolais faoi dhoiciméid a chur ar fáil don bhord mar chuid den CPOR. Ba chóir ceisteanna 9 go 12, an dá cheist sin san áireamh, a léamh i gcomhar lena chéile.

## 13. Cad é nach mór a thaifeadadh sna miontuairiscí i ndáil leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil/na doiciméid arna gcur ar fáil mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)?

Maidir leis na miontuairiscí-

(a) Déanfar an líon cásanna/tuairiscí arna mionsonrú faoi gach ceann de na ceithre cheannteideal i dTuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) a thaifeadadh (féach ceisteanna 5, 6, 7 agus 8, gach ceist san áireamh). Is féidir sin a dhéanamh ach an líon cásanna den sórt sin a mhionsonrú sna miontuairiscí iad féin nó trí bhíthin teimpléad CPOR a bheidh comhlánaithe ag an bpríomhoide don tréimhse i gceist a chur leis na miontuairiscí. Sa chás go gcuirtear teimpléad CPOR leis na miontuairiscí, beidh siad taifeadta go soiléir sna miontuairiscí.

(b) Maidir le gach cás ina gcuirtear doiciméid ar fáil don chruinniú boird (féach ceist 9), sonrófar sna miontuairiscí cé na doiciméid a cuireadh ar fáil. Is féidir sin a dhéanamh ach na doiciméid arna gcur ar fáil i ndáil le gach cás a mhionsonrú sna miontuairiscí iad féin **nó** trí bhíthin an teimpléad chun doiciméid a thaifeadadh (féach ceist 10) i ndáil le gach cás den sórt sin a chur leis na miontuairiscí. Ba chóir a thabhairt ar aird nach ndéanfar fostaí ar bith, leanbh ar bith, ná páirtithe eile a ndéantar tagairt dóibh sa doiciméadúchán a ainmniú sna miontuairiscí, ach go ndéanfar an t-ábhar a thaifeadadh trí bhíthin thagairt a dhéanamh don chód uathúil nó don tsraithuimhir a shannfaidh an DLP don chás/do na páirtithe i gceist. Sa chás go mbeidh an

teimpléad chun doiciméid a thaifeadadh curtha leis na miontuairiscí, beidh sin taifeadta go soiléir sna miontuairiscí.

### 14. I scoil de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna, an gcuirtear Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) ar fáil do Bhord Bainistíochta na scoile?

Cuirtear. Maidir le scoil de chuid BOO, ní mór Tuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) a chur ar fáil do Bhord Bainistíochta na scoile BOO i gceist. Is ionann na riachtanais CPOR do scoileanna BOO agus do gach scoil eile. Féach Ceist 15 thíos freisin.

### 15. I scoil BOO (sa chás gurb é an BOO fostóir fhoireann na scoile), ar chóir mionsonraí de chásanna ina ndéantar líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile sa scoil sin a bheith san áireamh sa CPOR?

Tá na riachtanais go léir sna nósanna imeachta i ndáil leis an CPOR i bhfeidhm sa tslí chéanna maidir le gach Bord Bainistíochta, lena n-áirítear Boird Bhainistíochta i scoileanna BOO. Ciallaíonn sin, maidir le haon líomhain mhí-úsáide a dhéantar in aghaidh dhaoine d'fhoireann na scoile i scoil BOO, nach mór an fhaisnéis agus na taifid go léir arna sonrú i gcuid 9.5 de na nósanna imeachta a chur ar fáil **agus iad leasaithe nó le déanamh anaithnid orthu** chuig Bord Bainistíochta na scoile BOO.

Ba chóir a thabhairt ar aird gurb é an t-aon chuspóir atá ag athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar na doiciméid sin ná athbhreithniú a dhéanamh, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don DLP agus ar chomhairle ar bith ó Tusla a bhí ar fáil, ar cibé ar cloíodh nó nár cloíodh leis na riachtanais tuairiscithe ábhartha. Tá an mhaoirseacht sin ar na riachtanais tuairiscithe ag Bord Bainistíochta na scoile BOO ar leithligh ar fad ó ghníomhartha ar bith a d'fhéadfadh an BOO mar fhostóir a dhéanamh, ó thaobh na fostaíochta de.

Ní mór don BOO mar fhostóir tabhairt faoi aon ghníomhartha breise a bheadh le déanamh i ndáil leis an bhfostaí a ndearnadh líomhain ina aghaidh/ina haghaidh astu féin agus ní mór iad a dhéanamh de réir na nósanna imeachta ábhartha i gCaibidil 7.

### 16. An bhfuil aon treoir ar fáil i ndáil le cóid uathúla nó sraithuimhreacha a úsáid ar chomhaid chásanna cosanta leanaí agus i miontuairiscí chruinnithe de chuid Bhoird Bhainistíochta?

Chun cabhrú le scoileanna cóid uathúla agus sraithuimhreacha a úsáid, tá ‘Nóta Treorach maidir le cóid uathúla nó sraithuimhreacha’ ullmhaithe ag an Roinn.

## 17. Príomhphointí i ndáil leis na doiciméid arna gcur ar fáil don Bhord ag gach cruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR)

Seo a leanas na príomhphointí le tabhairt ar aird ag an bpríomhoide agus ag comhaltaí boird i ndáil leis na doiciméid arna gcur ar fáil don Bhord ag gach cruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta mar chuid de Thuairisc Mhaoirseachta an Phríomhoide maidir le Cosaint Leanaí (CPOR) -

1. Cuirfear na doiciméid ar fáil do chomhaltaí an bhoird bhainistíochta agcruinniú an bhoird ábhartha agus ní roimhe sin.

2. Tógfar ar ais na doiciméid go léir nuair a bheifear réidh leis an ábhar agus cuirfidh an DLP sa chomhad cáis ábhartha iad.

3. Ní scaipfear na doiciméid taobh amuigh den chruinniú ná ní choinneoidh aon chomhalta boird iad.

4. Sonrófar i miontuairiscíchruinnithe an bhoird bhainistíochta cé na doiciméid a cuireadh ar fáil don chruinniú boird mar a leagtar amach i gceist 9 den treoir seo agus mar a shonraítear i gcodanna 9.5.2, 9.6.2 agus 9.7.2 de na nósanna imeachta.

5. Ní dhéanfar an fostaí, leanbh ar bith, ná páirtithe eile a ndéantar tagairt dóibh sa doiciméadúchán a ainmniú sna miontuairiscí, ach déanfar an t-ábhar a thaifeadadh trí bhíthin thagairt a dhéanamh don chód uathúil nó don tsraithuimhir a shannfaidh an DLP don chás/do na páirtithe i gceist.

6. Ba chóir a thabhairt ar aird nach mór do gach comhalta den bhord bainistíochta caitheamh leis na taifid sin go rúnda go huile is go hiomlán agus gur chóir do chomhaltaí den bhord a thuiscint **go bhfuil athbhreithniú le déanamh orthu chun críocha maoirseachta ar na riachtanais tuairiscithe arna leagan amach sna Nósanna Imeachta maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna (athbhreithnithe 2023), agus chun na críocha sin amháin.**

7. Dá réir sin, ní dhéanfaidh na comhaltaí boird plé nó fiosrú ar bith, in imthosca ar bith, i ndáil le substaint nó iontaofacht na líomhna, an ábhair imní nó na tuairisce i gceist, agus iad i mbun an róil mhaoirseachta seo.

8. **An t-aon chuspóir atá ag an athbhreithniú seo ná athbhreithniú a dhéanamh, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don DLP agus ar chomhairle ar bith ó Tusla a bhí ar fáil, ar cibé ar cloíodh nó nár cloíodh leis na riachtanais tuairiscithe ábhartha.**

9. Ní mór na taifid arna gcur ar fáil don bhord bainistíochta a dhéanamh anaithnid agus a leasú de réir mar is gá lena chinntiú nach nochtar ainmneacha aon linbh ná aon duine eile lena mbaineann an t-ábhar imní nó an tuairisc, **taifead ar bith arna gcur ar fáil i ndáil le cásanna faoi chuid 9.5 de na nósanna imeachta (líomhaintí mí-úsáide in aghaidh dhaoine d'fhoireann na scoile) san áireamh.** Maidir le taifid anaithnide/leasaithe den sórt sin, <u>**ní dhéanfaidh**</u> comhaltaí boird plé nó fiosrú ar bith i ndáil le ainmneacha na leanaí nó na ndaoine eile i gceist agus iad i mbun an róil mhaoirseachta seo mar a shonraítear i gcodanna 9.5, 9.6.4 agus 9.7.3 de na nósanna imeachta.

10. Sa chás go ndéantar líomhain mhí-úsáide in aghaidh dhuine d'fhoireann na scoile, beifear an-chúramach a chinntiú nach gcuirfidh maoirseacht chomhaltaí an bhoird ar na riachtanais tuairiscithe isteach ar aon ghníomh a bheadh le déanamh ina dhiaidh sin de réir na nósanna imeachta araíonachta ábhartha.

11. Ní mór tabhairt faoi aon phlé, fiosrú nó cinntí i ndáil le gníomhartha breise a bheadh le déanamh i ndáil leis an bhfostaí a ndearnadh líomhain ina aghaidh/ina haghaidh astu féin agus ní mór iad a dhéanamh de réir na nósanna imeachta ábhartha i gCaibidil 7.

12. Sa chás go n-eascraíonn ábhar imní as iompar bulaíochta líomhnaithe idir dhaltaí, ba chóir a thabhairt ar aird nach mór tabhairt faoi aon phlé, fiosrú nó cinntí i ndáil le gníomhartha breise a bheadh le déanamh i ndáil leis an iompar bulaíochta líomhnaithe astu féin de réir Bheartas Frithbhulaíochta na scoile agus na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna de chuid na Roinne.

13. Meabhraítear do chomhaltaí boird freisin go bhfuil dualgas orthu rúndacht na gcruinnithe boird a chothú agus nach féidir leo nithe a phléitear ag cruinnithe boird a nochtadh ná a phlé, ach amháin sa chás go bhfaigheann siad údarú soiléir ón mbord bainistíochta chun sin a dhéanamh.

14. Féadfaidh an pátrún comhalta boird a sháraíonn an ceanglas rúndachta a bhaint ón mbord de réir na bhforálacha ábhartha in alt 16 den Acht Oideachais, 1998 agus maidir le sárú den sórt sin, seans nach mbeadh an comhalta sin cosanta in imeachtaí dlí ar bith a thionscnófaí ina aghaidh/ina haghaidh ag an slánaíocht ginearálta arna cur ar fáil do chomhaltaí an bhoird bhainistíochta faoi alt 14(7) den Acht Oideachais, 1998.